An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Foghlaim Dhigiteach i Seomra Ranga na Matamaitice

## Siompóisiam 2019

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

# Clar Abhar


**Cúrsaí Rochtana agus Acmhainní ón bPobal Oideachasóirí Microsoft** ..... 3

**OneNote a Íoslódáil agus a Shuiteáil** ..... 5

**Ag Foghlaim Conas OneNote a Úsáid** ..... 5

**Táib OneNote** ..... 6

**Ag úsáid an Rialóra in Cumhacht-Phointe** ..... 8

**Uirlisí Foghlama Microsoft: Léitheoir Tumthach** ..... 10

**Conas Gaireas Android a úsáid le Ríomhaire Windows 10 mar Amharcléiritheoir Soghluaiste** ..... 13


**Aicearraí Méarchláir** ..... 16

**Cothromóidí a Ionchur i bhFeidhmchláir Office** ..... 17


# Cúrsaí Rochtana agus Acmhainní ón bPobal Oideachasóirí Microsoft


Is é Pobal Oideachasóirí Microsoft ceann de na líonraí sóisialta oideachasóirí is mó ar domhan. Ceangail agus comhoibrigh, faigh oiliúint agus ceachtanna, agus tuill suaitheantais agus teastais ar an mol pearsantaithe seo a cruthaíodh d'oideachasóirí..

Chun teacht ar chúrsaí, oscail an roghchlár **Oiliúint**





Is féidir cúrsaí a scagadh de réir an chineáil táirge nó scile




Tairgeann **Pobal Oideachasóirí Microsoft** réimse leathan cúrsaí chun cabhrú le foghlaim ghairmiúil oideachasóirí ag leibhéil éagsúla.




Trí phróifíl a shocrú ar Phobal Oideachasóirí Microsoft agus cúrsaí nó conairí foghlama a chur i gcrích, bronnfar suaitheantais dhigiteacha ort mar aitheantas ar do dhul chun cinn agus ar do ghnóthachtáil.



# OneNote a Íoslódáil agus a Shuiteáil





Tá OneNote ar fáil saor in aisce ar Windows, iOS agus gairis Android agus is féidir á íoslódáil ón stóras aipeanna cuí. Tá leagan ar líne ann freisin de OneNote darb ainm OneNote Ar Líne. Seans go mbeadh difríochtaí beaga ann ó thaobh feidhmiúlachta de ag brath ar an ngaireas agus ar an leagan de OneNote a bhíonn in úsáid. Thiocfadh leat freisin OneNote 2010 nó OneNote 2016 a bheith suiteáilte agat mar chuid d'fhoireann feidhmchláir Microsoft Office. Is féidir Leabhair nótaí a shioncrónú thar an iomad gaireas. Is é aip OneNote Windows 10 an leagan de OneNote atáthar a úsáid sa cheardlann seo agus tá sé saor agus réamhsuiteáilte ar Ríomhairí Windows 10.

## Ag Foghlaim Conas OneNote a Úsáid




Faightear ar Phobal Oideachasóirí Microsoft ceachtanna teagaisc idirghníomhacha le foghlaim conas OneNote a úsáid. Le teacht ar an treoirchlár idirghníomhach Getting Started with OneNote úsáid an URL nó an cód MF. [https://education.microsoft.com/Getting-Started-with-OneNote](https://education.microsoft.com/Getting-Started-with-OneNote)

# Táib OneNote





Tá roghanna socrú téacs le fáil ar Tháb Baile OneNote mar aon le roghanna eile i gcomhair deachtaithe agus clibeála

Athróidh **Deachtú** an chaint go téacs


Cuirfidh **clibeanna** níos mó eagair leis an inneachar lena n-áirítear ticbhoscaí is féidir a thiceáil le clic.

---




Tugann an táb Ionsáigh feidhmiúlacht shuntasach don eagarthóir téacs traidisiúnta.  I measc na bhfeidhmeanna sin:


- ✓ doiciméid a cheangal go díreach le leathanach ag úsáid na rogha Comhad
- ✓ cóip de PDF a phriontáil chuig leathanach OneNote
- ✓ Pictiúir a ionsá ó do ríomhaire, ar líne nó trí cheamara a rochtain
- ✓ Físeáin ar líne a ionsá ag úsáid URL físeáin
- ✓ Aisfhotha fuaime a thaifeadadh a bheas sábháilte go díreach isteach in OneNote
- ✓ Sonraí cruinnithe a choimeád uile in aon áit amháin trína gcur isteach ar fhéilire Outlook
- ✓ Eolas a chuardach agus a aimsiú leis an Taighdeoir trasna suíomhanna idirlín agus dialanna ar líne
- ✓ An cnaipe Mata a úsáid le feidhmeanna agus le cothromóidí a ghrafadh, a fhuascailt agus céimeanna a thaispeáint ina dtaobh
- ✓ Quizeanna agus suirbhéanna a leabú ó Foirmeacha chun aiseolas a thiomsú agus a sholáthar laistigh de leabhair nótaí




Ligeann an táb **Tarraing** duit:

- ✓ níos mó dúiche a chur le leathanach nó nótaí a chur le doiciméad a priontáladh chuig leathanach OneNote
- ✓ Cruthanna a chur leis agus dúch a úsáid le múnlú
- ✓ tarraingt nó tomhas a dhéanamh ag úsáid **Rialóir** digiteach*.


* Tugtar eolas ar an Rialóir a ionramháil ar leathanaigh 9 agus 10 den leabhrán seo.




Tugann an táb **Amharc** roghanna chun dathanna an leathnaigh a athrú, rialóir nó línte greille a chur isteach, téacs a aistriú agus an leibhéal zúmála a athrú. Cuimsíonn sé freisin:

- ✓ **Léitheoir Tumthach** a mhínítear níos mine ar leathanaigh 11 – 13 den leabhrán seo
- ✓ agus deis chun gach stríoc dúiche a chur siar agus a **Athsheinm** ag am ar bith, rud a ligeann do dhaoine eile feiceáil conas a cuireadh smaointe i gceann a chéile.

---




Tá an táb **Leabhar Nótaí Ranga** ar fáil d'úsáideoirí a bhfuil cuntas Oideachais Office 365 acu.  Is féidir an táb sin a úsáid i gcomhar le **Leabhar Nótaí Ranga** OneNote.  Tugann **Leabhar Nótaí Ranga** ardán do mhúinteoirí le hábhair a ullmhú agus le comhoibriú le scoláirí ar dhóigh eagraithe. Má bhíonn do scoil ag úsáid Office 365 agus más mian leat tuilleadh a fhoghlaim faoi **Leabhar Nótaí Ranga**, tá treoracha céim ar chéim le fail ar Phobal Oideachasóirí Microsoft ar an gcúrsa *OneNote Class Notebook: A teacher's All-in-One Notebook for Students.* Le dul chuig an gcúrsa sin, bain úsáid as an nasc thíos.https://education.microsoft.com/courses-and-resources/courses/onenote-class-notebook

# Ag úsáid an Rialóra in Cumhacht-Phointe

**– Tacaíocht Office** **URL: [https://bit.ly/2SKaXFs](https://bit.ly/2SKaXFs)** **QR Code:**


Is féidir an Rialóir a úsáid ar an táb **Tarraing** den Ribín chun línte díreacha a tharraingt nó chun sraith rudaí a ailíniú. Casann an rialóir chuig aon suíomh is mian leat: cothrománach, ingearach, nó aon uillinn idir eatarthu. Tá socrú céimeanna aige ionas gur féidir leat é a shocrú ag uillinn bheacht, más gá.

Is féidir an Rialóir a láimhseáil trí do mhéara, cúrsóir nó eochairbhuillí a úsáid.

Tá an ghné seo ar fáil in CumhachtPhointe i gcomhair Office 365 agus CumhachtPhointe 2019. Mura bhfeiceann tú an Rialóir ar do Ribín, féach an rannán [Requirements]() le haghaidh breis sonraí.

## Cuir an táb Tarraing ar siúl chun an Rialóir a fheiceáil

1. Oscail **File** > **Options**.
2. Buail an táb **Customise Ribbon** sa bhosca dialóige **Options**.
3. Sa bhosca ar thaobh na láimhe deise den bhosca dialóige, buail an ticbhosca darb ainm **Draw**.
4. Cliceáil **OK** chun an bosca dialóige **Options** a dhúnadh.
5. Buail an tab **Draw**, agus feicfidh tú an rialóir ar an ribín.




## Tarraing líne nó ailínigh rudaí

1. Roghnaigh an sleamhnán inar mian leat an rialóir a úsáid.
2. Buail an Rialóir ar an táb Draw chun go mbeidh sé le feiceáil ar dhromchla tarraingthe an tsleamhnáin.
3. Cuir an Rialóir ag an uillinn is mian leat.
    - Úsáid méar amháin chun an rialóir a bhogadh suas / síos nó ar chlé / ar dheis.
    - Úsáid dhá mhéar chun an rialóir a rothlú chuig an uillinn is mian leat.
    - Úsáid trí mhéar chun an rialóir a rothlú trí mhéaduithe cúig chéim.

**Chun líne a tharraingt** Buail peann nó peann aibhsithe ar an táb Draw, agus tosaigh a tharraingt.

**Chun rudaí aonair a ailíniú** Roghnaigh gach ceann ar a sheal agus tarraing an rud go dtí go dtí go gceanglaíonn a hanla roghnaithe de shnap leis an rialóir.

**Chun grúpa rudaí a ailíniú ag an am amháin** Déan ilroghnú ar na rudaí trí Ctrl a bhrú agus tú ag bualadh gach rud ar a sheal. Tarraing an tacar rudaí go dtí go gceanglaíonn se de shnap leis an rialóir.

Ailíníonn cruth leis an rialóir ar a imeall, ach ailíníonn rud amhail deilbhín, pictiúr nó téacsbhosca leis an rialóir ar a bhosca teorann.

## Rialaigh an rialóir leis an luchóg

Chun an rialóir a rialú le do mhéarchlár:Bog an rialóir trí do luchóg a chliceáil agus a tharraingt. Chun bogadh an rialóra a stopadh, scaoil cnaipe

na luchóige.

Rothlaigh an rialóir i méaduithe aon chéim tríd an scrollroth ar do chúrsóir a thiontú. Casann an rialóir san áit a mbíonn an pointeoir luiche ag díriú. (chun rothlú is ga scrollroth luiche a bheith agat; ní oibríonn sé le ceap rianaithe ríomhaire glúine.)

## Rialaigh an rialóir leis an méarchlár

Mura bhfuil scáileán tadhaill agat, nó más fearr leat d'eochairchlár a úsáid, bain úsáid as na teaglamaí eochrach seo chun an rialóir a láimhsiú tar éis duit cnaipe an Rialóra a roghnú lena ghníomhachtú ar dhromchla do shleamhnáin.
Chun an rialóir a rialú le do mhéarchlár:

1. Buail an Rialóir ar na táb Draw ionas go dtiocfaidh sé ar dhromchla líníochta an tsleamhnáin.
2. Cliceáil an Rialóir le do luchóg.
3. Brúigh Shift+F6 ionas gur féidir leat an rialóir a láimhsiú.
4. Úsáid aicearra eochairchláir chun an Rialóir a láimhsiú:

| **Gníomh** | **Strócanna Lárnacha** |
|---|---|
| Bog an Rialóir suas síos, ar chlé nó ar dheis | Saighead suas, saighead síos, saighead chlé, saighead dheas |
| Rothlaigh an Rialóir i méaduithe 15 chéim | Coinnigh síos an eochair Alt agus buail an tsaighead chlé nó dheas uair amháin do gach incrimint.<br>Rothlaíonn an tsaighead chlé áiritheoir an rialóra tuathal; rothlaíonn an tsaighead dheas deiseal. |
| Rothlaigh an Rialóir i méaduithe 1 chéim | Coinnigh síos Alt + Ctrl agus buail an tsaighead chlé nó dheas uair amháin do gach incrimint*<br>Rothlaíonn an tsaighead chlé áiritheoir an rialóra tuathal; rothlaíonn an tsaighead dheas deiseal. |

## Folaigh an rialóir

- Buail an Rialóir ar an táb **Draw** le go n-imeoidh sé as ón dromchla tarraingthe den sleamhnán

## Riachtanais don Rialóir

| | **Baineann sé le:** |
|---|---|
| App | PowerPoint for Office 365:<br>Monthly Channel: Version 1702<br>Semi-annual channel: Version 1803<br>PowerPoint 2019<br>Find your Office version |
| córas oibriucháin | Windows 10, version 1607<br>Find your Windows version |

# Uirlisí Foghlama Microsoft: Léitheoir Tumthach


Is féidir an bróisiúr thíos a rochtain ag https://education.microsoft.com/GetTrained/StudentVoice.

Microsoft

# Office 365 Education: Learning Tools


## Empower students with tools that help personalize learning

Microsoft Learning Tools are free tools that implement proven techniques to improve reading and writing for people regardless of their age or ability.




**Improves reading**
Increase reading speed and comprehension for all learners. Enable students with learning differences such as Dyslexia with text decoding solutions and help build confidence for emerging readers through features like Read Aloud, Syllable Breaks, Line Focus and Picture Dictionary.

**Improves writing**
With features like Dictate and Read Aloud, students can capture their writing and hear it read aloud providing them essential feedback to edit their work.




**Optimizes classroom time**
Today's educators are challenged to teach a wide range of abilities. Learning Tools helps them personalize learning for students' varying needs, allowing teachers time to focus on what they love, their students.

## Feature Availability

| | OneNote | | | | | Word | | | | Outlook | | Other | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Online | 2016 | Windows 10 | Mac | iPad | Online | Office 365 | Mac | iPad | Online | Office 365 | Microsoft Edge | Teams | Office Lens iOS |
| Read Aloud and Word/Line Highlighting | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Spacing and Font Size | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | | √ | √ | √ |
| Syllables | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | | √ | | √ | √ | |
| Parts of Speech | √ | √ | √ | √ | √ | √ | | | | √ | | √ | √ | |
| Dictate | | √ | √ | | √ | | √ | | | | √ | √ | | |
| Line Focus | √ | | √ | √ | √ | √ | | | | √ | | | √ | |
| Picture Dictionary | √ | | √ | √ | √ | √ | | | | √ | | | √ | |


**Visit https://www.onenote.com/learningtools to learn more.**

Is uirlisí saora iad Uirlisí Foghlama Microsoft a chuireann teicnící cruthaithe i bhfeidhm chun feabhas a chur ar léitheoireacht agus ar scríbhneoireacht foghlaimeoirí beag beann ar a n-aois ná ar a gcumas'. Tá Uirlisí Foghlama ar fáil ar fud na ngaireas agus ma bhfeidhmchlár amhail OneNote, Word, Outlook, Edge agus Office Lens.


Tá roinnt de na príomhghnéithe d'Uirlisí Foghlama laistigh d'aip Windows 10 OneNote le feiceáil thíos.





Roghanna Téacs: Méid, clófhoireann agus dath téacs a athrú





Gramadach: Focail a bhriseadh ina siollaí agus ranna cainte a aithint



Roghanna Léitheoireachta: Roghanna chun fócas líne a athrú, foclóir pictiúrtha agus gnéithe aistriúcháin a chumasú





Foclóir pictiúrtha agus uirlisí aistriúcháin




Cabhraíonn Léitheoir Tumthach Uirlisí Foghlama le Mata a léamh os ard

# Conas Gaireas Android a úsáid le Ríomhaire Windows 10 mar Amharcléiritheoir Soghluaiste





1





2





3





4


Best match
Connect
Trusted Microsoft Store app
Search for and open the Connect app on your Windows device


5


DESKTOP-HVK4ISQ
is ready for you to connect wirelessly.
Once the Connect app is open, the screen will show the name of your Windows device

6


Open your phone's menu by swiping down on the Home screen
Expand the menu by swiping the icon in the green circle downwards
On the expanded menu swipe left

7


Private mode
Smart View
Phone visibility
Do not disturb
Smart View
Select the Smart View App
Toggle the button to turn Smart View on


8




Select your Windows 10 device name from **Available Devices** and after a few moments your Android screen will be projected to your Windows 10 computer

9

If you do not have the Smart View option, go to **Settings** -> **Display** -> **Cast** as depicted below.



10



By turning on the **camera** on the Android device, and projecting your Windows 10 device through a data projector, you now have a mobile visualiser!

11



By using a mobile holder such as this, the device can be held in place whilst showcasing work

12

## Aicearraí Méarchláir

| | |
|---|---|
| **Ctrl** + **C** | Na míreanna roghnaithe a chóipeáil chuig an ngearrthaisce |
| **Ctrl** + **X** | Na míreanna roghnaithe a ghearradh |
| **Ctrl** + **V** | Inneachar ón ngearrthaisce a ghreamú |
| **Ctrl** + **A** | An t-inneachar uile a roghnú |
| **Ctrl** + **Z** | Gníomh a chealú |
| **Ctrl** + **Y** | Gníomh a athdhéanamh |
| **Alt** + **=** | Eagarthóir cothromóidí a oscailt |
| **Windows key** + "**+**" gléas | Zúmáil isteach ag úsáid an mhéadaitheora |
| **Windows key** + "**-**" gléas | Ansin brúitear an spásbharra |

# Cothromóidí a Ionchur i bhFeidhmchláir Office

| | |
|---|---|
| **Alt** + <br><br> **x^2** agus **+ 1** | $x^2 + 1$ |
| **Alt** + <br><br> **x/4** agus barra spáis | $\frac{x}{4}$ |
| **Alt** + **=** <br><br> **(5+x)/(10+x)** agus barra spáis | $\mathbf{\frac{5 + x}{10 + x}}$ |